# CINNEADH (AE) 2020/1830 ÓN gCOMHAIRLE

## an 27 Samhain 2020

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an daicheadú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bern)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa ("an Coinbhinsiún") i gcrích le Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 1982.

(2) De bhun an Choinbhinsiúin, féadfaidh an Buanchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún ("an Buanchoiste") leasuithe ar Airteagail 13 go 24 den Choinbhinsiún a ghlacadh lena gcur faoi bhráid Choiste Airí Chomhairle na hEorpa ("Coiste na nAirí") lena bhformheas agus, dá éis, faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha ("Páirtithe") le go nglacfaí leo.

(3) De bhun an Choinbhinsiúin, tá an Buanchoiste freagrach as cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a leanúint, agus féadfaidh sé, go háirithe, aon mholtaí a dhéanamh maidir le héifeachtacht an Choinbhinsiúin a fheabhsú.

(4) Le linn an 40ú cruinniú den Bhuanchoiste ón 30 Samhain go dtí an 4 Nollaig 2020, tá an Buanchoiste chun cinntí maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú a ghlacadh chun clásail airgeadais a thabhairt isteach agus chun comhaontú páirteach méadaithe a bhunú i dtaca leis an gciste chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh laistigh den Bhuanchoiste thar ceann an Aontais, mar gur gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu iad a chinntí.

(6) Tá Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ("An Rúnaíocht") tar éis togra a thíolacadh chun an Coinbhinsiún a leasú chun sásra airgeadais a thabhairt isteach lena gcinnfeadh an Buanchoiste an scála ranníocaíochtaí éigeantacha airgeadais ó Pháirtithe chun gnáth-leithdháileadh buiséid Chomhairle na hEorpa a chomhlánú.

(7) Faoin gCoinbhinsiún, tá leasuithe ar an gCoinbhinsiún le formheas a fháil ar dtús ó Choiste na nAirí agus tagann siad i bhfeidhm dá éis sin ar an 30ú lá tar éis do na Páirtithe uile fógra a thabhairt gur ghlac siad iad.

(8) Tá an Rúnaíocht tar éis togra a thíolacadh freisin chun comhar idir-rialtasach a neartú chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme trí chomhaontú páirteach méadaithe a bhunú, comhaontú ina mbeadh ranníocaíocht éigeantach airgeadais leis an gcomhaontú páirteach méadaithe sin do na Páirtithe.

(9) I gcomhréir le Reacht Chomhairle na hEorpa agus le Treoir Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le Nósanna Imeachta agus Modhanna Oibre, tar éis cinneadh ón mBuanchoiste, thiocfadh an comhaontú páirteach méadaithe atáthar a mholadh i bhfeidhm i gcás gach Páirtí sa Chomhaontú sin tar éis do Choiste na nAirí glacadh le tromlach dhá thrian de na hIonadaithe a bhfuil vóta acu agus tromlach na nIonadaithe atá i dteideal suí ar Choiste na nAirí, agus dá éis sin tar éis tairseach na sínitheoirí a bhaint amach.

(10) A luaithe a bhunófar an comhaontú páirteach méadaithe, is faoi na Páirtithe sa Choinbhinsiún a bheidh sé a chinneadh an dtiocfaidh siad chun bheith ina bPáirtí ann.

(11) Ní dochar an Cinneadh seo d'aon chinneadh ón gComhairle a dhéanfar amach anseo maidir lena oiriúnaí a bheadh sé go dtiocfadh an tAontas chun bheith ina pháirtí sa chomhaontú páirteach méadaithe atáthar a mholadh.

([1]) Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 1).

(12) Tá géarghá ann foinse shlán iontaofa airgeadais a bhunú d'fheidhmiú an Choinbhinsiúin, i bhfianaise laghdú an mhaoinithe a chuirtear ar fáil trí ghnáth-ranníocaíocht Chomhairle na hEorpa, chomh maith leis an laghdú ar ranníocaíochtaí deonacha na bPáirtithe.

(13) Le leasú ar an gCoinbhinsiún chun sásra airgeadais a thabhairt isteach, ailínítear é leis an gcaoi a maoinítear comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile agus d'áiritheofaí leis ranníocaíocht chothrom ó gach Páirtí sa Choinbhinsiún. Le téacs an leasaithe atá á mholadh ag an Rúnaíocht fágtar éiginnteacht, áfach, maidir leis an sásra airgeadais atá le bunú, go háirithe maidir leis an idirdhealú idir buiséid lárnacha agus buiséid chlárbhunaithe, agus maidir leis an leibhéal ranníocaíochtaí a bheidh ag teastáil.

(14) Bheadh tacaíocht ón Aontas do leasú ar an gCoinbhinsiún chun sásra airgeadais a thabhairt isteach faoi réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218, míreanna 2 go 4, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(15) I bhfianaise an mhéid ama a theastaíonn chun leasú ar an gCoinbhinsiún a chaibidil agus chun go dtiocfadh sé i bhfeidhm, is léir go bhfuil gá le réiteach airgeadais níos láithrí le go bhféadfadh an Coinbhinsiún leanúint de bheith ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach san idirthréimhse. Shásófaí an gá sin tríd an gcomhaontú páirteach méadaithe atáthar a mholadh.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é an seasamh ón gComhairle rún a mholadh chun cinneadh maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú a chur siar agus tacú le comhaontú páirteach méadaithe a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, i dtaca le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag an 40ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa rún a mholadh chun an vótáil ar an togra le haghaidh an Coinbhinsiún a leasú d'fhonn clásail airgeadais a chur san áireamh a chur siar go dtí an 41ú cruinniú den Bhuanchoiste, agus tacú le bunú comhaontaithe pháirtigh mhéadaithe lena mbunaítear ciste tacaíochta chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme, ar bhonn an dréachta a cuireadh faoi bhráid an Bhuanchoiste.

*Airteagal 2*

I bhfianaise ar ar tharla ag an 40ú cruinniú den Bhuanchoiste, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, comhaontú le mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 le linn cruinnithe comhordúcháin ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. ROTH